Séamus Ó Beaglaoich

Nuacht TG4 (Leibhéal B2)

A: MACHNAMH

Suigh siar agus dún do shúile. Éist leis an mír nuachta. Ná féach uirthi go fóill agus ná bí buartha faoi ábhar na míre go fóill ach an oiread. Éist leis an gceol atá inti. Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat tar éis éisteacht amháin.

1. Ar thaitin an ceol leat?
2. Conas a mhothaigh tú agus tú ag éisteacht leis an gceol?
3. Conas a chuirfeá síos ar atmaisféar / ton na míre? Áthasach, brónach, ómósach?
4. Cad a cheapann tú faoi cheol Shéamuis Uí Bheaglaoich?
5. Cad atá ar eolas agat faoi Shéamus Ó Beaglaoich?
6. Cad iad na huirlisí ceoil a chuala tú sa mhír?

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

sweet voice: _____
to the core: _____
characters: _____
his terrific ability: _____
match: _____
artfully, expertly: _____
accompanying him: _____
rooted: _____
mute: _____
missing: _____

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. Ar chuala tú na bealaí ar fad ar chuir Eibhlín Ní Choistealbha síos ar Shéamus Ó Beaglaoich ag deireadh na míre? Cad iad na focail a d'úsáid sí?

4. Cén Ghaeilge a bhí sa mhír le haghaidh '*he is survived by his wife*'?

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Scríobhaigí achoimre ar shaol Shéamuis Uí Bheaglaoich. Bíodh na pointí thíos curtha san áireamh agaibh. Bainigí úsáid as an eolas atá sa mhír amháin.

Ainm, sloinne, dáta breithe (bliain), áit dhúchais, stádas pósta, clann, teaghlach, gairm bheatha, scileanna agus buanna, pearsantacht, saothair

Rugadh agus tógadh Séamus Ó Beaglaoich i …

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach uatha)

Féach ar na samplaí den tuiseal ginideach ón mír. Bain amach na lúibíní agus cuir an fhoirm cheart de gach ainmfhocal sa tuiseal ginideach:

domhan (an ceol): _____
ar fud (an tír): _____
ar fud (an domhan): _____
pearsana móra (an Ghaeltacht): _____
dúchas (an teanga): _____
amhránaí (an bhliain): _____
féith (an rógaireacht): _____

Féach ar an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

2: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

Féach ar shliocht ón script thíos. Tá **deich** séimhiú fágtha ar lár ann. Scríobh isteach anois iad.

Eibhlín Ní Choistealbha

Guth binn Séamuis Uí Bheaglaoich, guth meala a bhí aitheanta ar fud na tíre agus ar fud an domhain móir. Boscadóir, amhránaí agus feirmeoir, rugadh agus tógadh Séamus Ó Beaglaoich i mBaile na bPoc, i gCorca Dhuibhne. Duine de naonúr clainne, a raibh bua an ceoil go smior iontu go léir. Tosaigh Séamus ag seinm ceoil i Halla na Muirí agus é ceithre bliana déag d'aois. Bhí sé ar duine de phearsana móra na Gaeltachta agus ar dhuine de mórcheoltóirí traidisiúnta a linne. Bhí dúchas an cheoil agus na teanga go smior ann.

As a cumas diamhair ar an mbosca ceoil is mó a thuill sé aitheantas. Caoga bliain ó shín in 1973, ba lena deirfiúr, Máire, a chuir Séamus amach a chéad albam, *An Ciarraíoch Mallaithe*. Ní fada gur bain fear Pharóiste Múrach gradaim amach mar ceoltóir, ní hamháin anseo in Éirinn ach ar fud an domhain mhóir.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bí ag obair leat féin ar dtús. Smaoinigh ar dhuine de na ceoltóirí nó ar dhuine de na haisteoirí is fearr leat. Déan taighde ar an duine sin anois. Beidh tú ag déanamh cur síos ar an duine sin do na daoine eile i do ghrúpa ar ball. Bíodh na nithe seo a leanas san áireamh: *cuma, cúlra, scileanna, pearsantacht agus saothair*. Féach ar an sampla thíos:

Tá Sinéad O'Connor ar dhuine de na ceoltóirí is fearr liom. Rugadh agus tógadh i gContae Bhaile Átha Cliath í. Is bean bheag í ach tá guth láidir aici. Tá a guth cumhachtach agus binn. Tá súile móra glasa aici agus tá sí maol. Bhearr sí a cuid gruaige di féin nuair a bhí sí óg, mar agóid in aghaidh thionscadal an cheoil. Bhí an tionscadal ceoil ag iarraidh uirthi, ag impí uirthi, a cuid gruaige a choinneáil fada. Dúirt siad go ndíolfadh sí níos mó albam dá mbeadh gruaig fhada uirthi. Bhí Sinéad ag iarraidh go mbeadh béim ar a cuid ceoil agus ní ar an gcuma a bhí uirthi. Duine leochaileach í, ach duine láidir ag an am céanna. Tá sí ceanndána agus diongbháilte freisin. Tá an ceol go smior inti. Is ceoltóir, amhránaí agus cumadóir ceoil den chéad scoth í. Is é an t-albam mór le rá a d'eisigh sí ná *I Do Not Want What I Haven't Got*, ach is é an t-albam is fearr liomsa ná *The Lion and the Cobra*.

2: Scríobh (ár dteanga dhúchais)

Scríobh alt an-ghearr (10 - 15 líne) faoin gceoltóir nó faoin aisteoir is fearr leat.

AN SCRIPT

Máire T. Ní Mhadaoin
Bail ó Dhia oraibh. Tá pobal Chorca Dhuibhne agus domhan an cheoil fágtha gan phort gan pholca ó scaip an scéala aréir go raibh an ceoltóir agus an t-amhránaí aitheanta, Séamus Ó Beaglaoich éalaithe leis ó Pharóiste Múrach. Bhí an Beaglaoich ar dhuine de na boscadóirí ba chumasaí agus ar dhuine de na hamhránaithe ba bhinne sa tír. Tá a chomhbhrón curtha in iúl ag an Uachtarán Michael D. Higgins.

Eibhlín Ní Choistealbha
Guth binn Shéamuis Uí Bheaglaoich, guth meala a bhí aitheanta ar fud na tíre agus ar fud an domhain mhóir. Boscadóir, amhránaí agus feirmeoir, rugadh agus tógadh Séamus Ó Beaglaoich i mBaile na bPoc, i gCorca Dhuibhne. Duine de naonúr clainne, a raibh bua an cheoil go smior iontu go léir. Thosaigh Séamus ag seinm ceoil i Halla na Muirí agus é ceithre bliana déag d'aois. Bhí sé ar dhuine de phearsana móra na Gaeltachta agus ar dhuine de mhórcheoltóirí traidisiúnta a linne. Bhí dúchas an cheoil agus na teanga go smior ann.

As a chumas diamhair ar an mbosca ceoil is mó a thuill sé aitheantas. Caoga bliain ó shín in 1973, ba lena dheirfiúr, Máire, a chuir Seamus amach a chéad albam, *An Ciarraíoch Mallaithe*. Ní fada gur bhain fear Pharóiste Mórdhach gradaim amach mar cheoltóir, ní hamháin anseo in Éirinn ach ar fud an domhain mhóir.

As an gcleamhnas ceolmhar a dhein[1] sé leis an Astrálach, Steve Cooney, tháinig an t-albam ar leith, *Meitheal*, in 1992. Cnuasach ceoil a bhí réabhlóideach ó thaobh stíle, a shnigh an sean leis an nua go paiteanta.

Ina dhiaidh sin bhí leithéidí Jim Murray agus Tim Edey á thionlacan. In 2013, bronnadh gradam 'Amhránaí na Bliana' air ag Gradaim Cheoil TG4.

Cé gur thug a chuid ceoil ar fud an domhain é, d'fhán a chroí agus a spiorad ag an mbaile, i mBaile na bPoc, agus iad fréamhaithe go daingean sa talamh, sa teanga agus sa tinteán.

Séamus Ó Beaglaoich
Cá mbeimis gan an ceol? Cad a bheimis a dhéanamh? Ní fhéadfainn é a shamhlú.

Eibhlín Ní Choistealbha
Fear tíriúil, cuileachtúil[2], deisbhéalach, seoigh, go raibh féith na rógaireachta go láidir ann, imithe uainn.

Tá an ceol ciúnaithe, tá an béal binn balbh, tá Rí Pharóiste Múrach ar lár. Maireann a bhean chéile, Mary, a gclann – Breandán, Eoin, Niall agus Méabh. Beannacht Dé Dílis lena anam.

[1] dhein = leagan canúnach de 'rinne'
[2] cuileachtúil = leagan canúnach de 'cuideachtúil'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cuir an mhír ar siúl uair amháin. Abair leis na foghlaimeoirí a súile a dhúnadh agus gan féachaint ar an mír. Mínigh dóibh nach bhfuil sé tábhachtach go dtuigfeadh siad gach rud ag an bpointe seo. Is é sprioc na gníomhaíochta ná éirim agus ton an scéil a thuiscint, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar an gceol atá inti. Tabhair tamall do gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile sula bpléifidh tú na ceisteanna leis an rang iomlán.

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

sweet voice	guth binn
to the core	go smior
characters	pearsana
his terrific ability	a chumas diamhair
match	cleamhnas
artfully, expertly	go paiteanta
accompanying him	á thionlacan
rooted	fréamhaithe
mute	balbh
missing	ar lár

2. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail a d'aimsigh siad féin a chur i gcomparáid leis na focail a bhí sa mhír.
3. Féach:
   tíriúil – *homely; pleasant, sociable*.
   cuileachtúil – (cuileachtúil = CUIDEACHTÚIL.)* *companionable, sociable.*
   *cuileachtúil = leagan canúnach de 'cuideachtúil'.
   deisbhéalach – *well-spoken, witty*.
   seoigh – *wonderful*.
   féith (streak) – na rógaireachta – *roguery*.

4. '*He is survived by his wife*' – 'Maireann a bhean chéile'.

C: TUISCINT

Féach an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach uatha)

Féach:

domhan (an ceol):	*domhan an cheoil*
ar fud (an tír):	*ar fud na tíre*
ar fud (an domhan):	*ar fud an domhain*
pearsana móra (an Ghaeltacht):	*pearsana móra na Gaeltachta*
dúchas (an teanga):	*dúchas na teanga*
amhránaí (an bhliain):	*amhránaí na bliana*
féith (an rógaireacht):	*féith na rógaireachta*

2: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

Féach:

Eibhlín Ní Choistealbha

Guth binn S**h**éamuis Uí Bheaglaoich, guth meala a bhí aitheanta ar fud na tíre agus ar fud an domhain m**h**óir. Boscadóir, amhránaí agus feirmeoir, rugadh agus tógadh Séamus Ó Beaglaoich i mBaile na bPoc, i gCorca Dhuibhne. Duine de naonúr clainne, a raibh bua an c**h**eoil go smior iontu go léir. T**h**osaigh Séamus ag seinm ceoil i Halla na Muirí agus é ceithre bliana déag d'aois. Bhí sé ar d**h**uine de phearsana móra na Gaeltachta agus ar dhuine de m**h**órcheoltóirí traidisiúnta a linne. Bhí dúchas an cheoil agus na teanga go smior ann.

As a c**h**umas diamhair ar an mbosca ceoil is mó a thuill sé aitheantas. Caoga bliain ó shín in 1973, ba lena d**h**eirfiúr, Máire, a chuir Seamus amach a chéad albam, *An Ciarraíoch Mallaithe*. Ní fada gur b**h**ain fear Pharóiste Múrach gradaim amach mar c**h**eoltóir, ní hamháin anseo in Éirinn ach ar fud an domhain mhóir.

Cumarsáid

1: Caint

Tabhair deis do na foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar an gceoltóir/aisteoir is fearr leo. Beidh siad ag déanamh cur síos ar an duine sin don ghrúpa ar ball agus beidh na nithe seo san áireamh – cuma, cúlra, scileanna, pearsantacht, saothair. Mínigh dóibh go bhfuil an píosa faoi Shinéad O'Connor ann mar threoir dóibh. Cuir i ngrúpaí iad ansin agus tabhair deis dóibh a bheith ag caint faoi na daoine a roghnaigh siad. Bí ar fáil chun cuidiú leo.

2: Scríobh

Abair leo alt an-ghearr a scríobh faoin duine mór le rá a roghnaigh siad, bunaithe ar an méid a phléigh siad faoi Caint.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil na hÉireann Má Nuad; Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc & Tástáil
le tacaíocht ó An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta; An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media; TG4